CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1696 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE maidir le sonraíocht chlár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 48 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 5020)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(11) agus Airteagal 48(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Iarrtar ar iarnróid ról lárnach a ghlacadh i gcóras iompair dícharbónaithe, mar atá beartaithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa straitéis um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, agus i bhfianaise na bhforbairtí sa réimse sin, tá gá le hathbhreithniú ar na Sonraíochtaí Teicniúla Idir-inoibritheachta (STIanna) atá ann faoi láthair.

(2) An 24 Eanáir 2020, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), d'iarr an Coimisiún ar Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (an Ghníomhaireacht) moltaí a ullmhú lena dtacófaí le cuspóirí sonracha roghnaithe a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún ([3]) chun iad a chomhtháthú sna STInna chun an idir-inoibritheacht a fheabhsú. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí seirbhísí iompair d'iarnród san Aontas a éascú, a fheabhsú agus a fhorbairt laistigh den Aontas agus le tríú tíortha agus go bhféadfaí rannchuidiú leis an limistéir aonair iarnróid Eorpaigh a thabhairt i gcrích agus an margadh inmheánach a bhaint amach de réir a chéile.

(3) An 30 Meitheamh 2022 d'eisigh an Ghníomhaireacht Moladh ERA 1175-1218 ([4]) maidir le roinnt STInna a bhaineann le cuspóirí sonracha a chur chun feidhme faoi Airteagail 4 go 6 agus 8 go 10 de Chinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474.

(4) Mar thoradh ar an Moladh ón nGníomhaireacht, tá roinnt STInna á leasú ag an gCoimisiún, lena n-áirítear STI TSI ([5]), STI LOC&PAS ([6]) agus STI TSI ([7]) atá ábhartha do chlár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (ERATV).

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

([2]) Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).

([3]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuspóirí sonracha chun sonraíochtaí teicniúla idir-inoibritheachta a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú (IO L 210, 15.8.2017, lch. 5).

([4]) Moladh ERA 1175-1218 ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh maidir le pacáiste athbhreithnithe STI 2022 – Iarnród Digiteach agus Lasta Glas.

([5]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil idir-inoibritheachta a bhaineann le fochóras 'rothstoc — innill traenach agus rothstoc paisinéirí' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún an 13 Márta 2013 maidir leis an tsonraíocht theicniúil idir-inoibritheachta a bhaineann le fochóras 'rothstoc — vaigíní lastais' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/861/CE (IO L 104, 12.4.2013, lch. 1).

(5) Tá gá, dá bhrí sin, le hathbhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadair ERATV chun iad a ailíniú leis an athbhreithniú ar na STInna ábhartha.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Idir-inoibritheacht agus Sábháilteacht Iarnróid, de bhun Airteagal 51 de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Roinn 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE mar seo a leanas:

(1) i dtábla 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 4.5.1:

‘4.5.1	Pálasta ceadaithe le haghaidh catagóirí éagsúla líne	[uimhir] t le haghaidh catagóir líne [teaghrán carachtar]	N	N	T	N	T’;

(2) i dtábla 2, cuirtear an ró 4.5.1.1 seo a leanas isteach:

‘4.5.1.1	GA catagóir/catagóirí líne	[teaghrán carachtar] ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	T	T	N	T	T’;

(3) i dtábla 2, ró 4.5.2, an dara colún,:cuirtear ‘mais deartha agus oibríochtúil’ in ionad ‘mais deartha’

(4) i dtábla 2, cuirtear rónna 4.5.2.4 agus 4.5.2.5 seo a leanas isteach:

‘4.5.2.4	Mais oibríochtúil san ord oibre	[uimhir] kg	T	T	N	N	T
4.5.2.5	Mais oibríochtúil an ghnáthphálasta	[uimhir] kg	T	T	N	N	T’;

(5) i dtábla 2, cuirtear na rónna 4.9.3.1, 4.9.3.2 seo a leanas isteach:

‘4.9.3.1	Bealú feire feistithe	(T/N)	T	T	N	T	T
4.9.3.2	An fhéidearthacht cosc a chur ar úsáid na feiste bealaithe (ach amháin má tá sé feistithe le bealú feire)	(T/N)	T	T	N	T	T’

(6) i dtábla 2, cuirtear an ró 4.10.16 seo a leanas isteach:

‘4.10.16	Feithicil atá feistithe le stóráil fuinnimh leictrigh chun críoch tarraingthe agus a bhfuil sé d’fheidhm aici luchtú le OCL nuair atá sí ina stad	[Athróg Boole] T/N	T	N	N	T	T’;

(7) i dtábla 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 4.13.1.1 go 4.13.1.9:

‘4.13.1.1	Trealamh ETCS ar bord agus an tacar sonraíochtaí ó Aguisín A de STI CCS	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	N
4.13.1.5	Córais d’Aicme B nó córais eile cosanta, rialaithe agus rabhaidh traenach leagáide atá suiteáilte (córas agus, más infheidhme, leagan)	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	T	T	N	T	T
4.13.1.7	Cur chun feidhme ETCS ar bord	[Teaghrán carachtar]	T	T	N	T	N
4.13.1.8	Comhoiriúnacht le Córas ETCS	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	T	T	N	T	T
4.13.1.9	Faisnéis a bhainistiú faoi iomláine na traenach (ní ón tiománaí)	[Athróg Boole] T/N	T	T	N	T	T’;

(8) i dtábla 2, cuirtear na rónna 4.13.1.10 agus 4.13.1.11 seo a leanas isteach:

‘4.13.1.10	Faisnéis maidir le comhdhéanamh faid sábháilte a fhaightear ar bord atá riachtanach chun rochtain a fháil ar an líne agus ar SIL comhfhreagrach	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	T
4.13.1.11	Imchlúdach leaganacha córais ETCS a oibrítear go dleathach	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	T’;

(9) i dtábla 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 4.13.2.1 go 4.13.2.12:

‘4.13.2.1	Guth raidió GSM-R ar bord agus a Bhunlíne	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	N
4.13.2.3	Córais d’Aicme B nó córais eile leagáide raidió suiteáilte (córas agus, más infheidhme, leagan)	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	T	T	N	T	T

4.13.2.5	Comhoiriúnacht an Chórais Gutha Raidió	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	T	T	N	T	T
4.13.2.6	Guth GSM-R agus cumarsáid oibríochtúil a chur chun feidhme	[Teaghrán carachtar]	T	T	N	T	N
4.13.2.7	Cumarsáid Sonraí Raidió GSM-R ar bord agus a Bhunlíne	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	N
4.13.2.8	Comhoiriúnacht an Chórais Sonraí Raidió	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	T	T	N	T	T
4.13.2.9	Cur i bhfeidhm cumarsáide sonraí GSM-R le haghaidh chur chun feidhme ETCS agus ATO	[Teaghrán carachtar]	T	T	N	T	N
4.13.2.10	Cárta SIM Gutha GSM-R Líonra Baile	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	T
4.13.2.11	Cárta SIM Sonraí GSM-R Líonra Baile	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	T
4.13.2.12	Cárta SIM Gutha GSM-R le cúnamh Grúpa ID 555	[Athróg Boole] T/N	T	T	N	T	T’;

(10) i dtábla 2, cuirtear na rónna 4.13.3 go 4.13.3.2 a leanas isteach:

‘4.13.3	ATO	Ceannteideal (níl aon sonraí ar fáil)					
4.13.3.1	Leagan chóras ATO ar bord	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe	T	T	N	T	N
4.13.3.2	Cur chun feidhme ATO ar bord	[Teaghrán carachtar]	T	T	N	T	N’;

(11) i dtábla 2, cuirtear rónna 4.15, go 4.15.3 a leanas isteach:

‘4.15	Feidhmeanna braite agus coiscthe díráillithe	Ceannteideal [gan sonraí]					

4.15.1	Láithreacht agus cineál feidhme/feidhmeanna braite agus coiscthe díráillithe	[Teaghrán carachtar] Ó liosta réamhshainithe (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú)	N	N	T	N	N
4.15.2	Láithreacht feidhme braite agus coiscthe díráillithe	[Athróg Boole] T/N	T	N	N	N	N
4.15.3	Láithreacht próiseáil comharthaí braite agus coiscthe díráillithe	[Athróg Boole] T/N	T	N	N	N	N'.

(12) in Iarscríbhinn III cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh atá os cionn an dara tábla agus in ionad an dara tábla:

'Nuair:

A shanntar Réimse 1 (digití 1 agus 2) de réir chatagóir agus fhochatagóir an chineáil feithicle i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

Cód	Catagóir	Fochatagóir
11	Feithiclí tarraingthe	Inneall traenach
12		Aonad cumhachta (nó carr cumhachta)
13		Traein doscartha paisinéirí féinghluaiste
14		Forchoimeádta
15		Forchoimeádta
16		Carr iarnróid
17		Siúntóir
18		Tramthraein
19		Eile (féach Airteagal 1(4) de Threoir (AE) 2016/797
31	Feithiclí tarlaithe do phaisinéirí	Cóiste
32		Forchoimeádta
33		Veain
34		Forchoimeádta
35		Iompróir carranna
36		Cóiste tiomána
37		Forchoimeádta
38		Veain thiomána
39		Scuaine cóistí feistithe
40		Forchoimeádta
41		Eile
42-49		Forchoimeádta

Cód	Catagóir	Fochatagóir
51	Vaigíní lastais (tarlaithe)	Vaigín lastais
52		Forchoimeádta
53		Scuaine vaigíní lastais feistithe
54		Bógaithe iarnróid ar leithligh atá nasctha le feithicil bhóthair chomhoiriúnach/feithiclí bóthair comhoiriúnacha
55-59		Forchoimeádta
71	Feithiclí speisialta	Feithicil speisialta fhéinghluaiste. *Ní úsáidfear an cód seo tar éis dháta glactha an Chinnidh seo*
72		Meaisíní ar ráille (OTManna)
73		Feithicil speisialta tarlaithe *Ní úsáidfear an cód seo tar éis dháta glactha an Chinnidh seo*
74		Feithiclí cigireachta bonneagair
75		Feithiclí comhshaoil
76		Feithiclí éigeandála
77		Feithiclí Bóthair-Iarnróid
78		Forchoimeádta
79		Forchoimeádta'.